Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0355(NLE)**

**14137/20**
**ADD 1**

**ENV 815**
**ENT 153**
**ONU 86**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 801 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, togra le haghaidh cinneadh ó Chomhlacht Feidhmiúcháin maidir leis an modheolaíocht le haghaidh coigeartuithe chun athruithe ar an mballraíocht san Aontas Eorpach a léiriú, d'fhonn an 41ú seisiún de chuid an Chomhlachta Feidhmiúcháin faoin gCoinbhinsiún Aerthruailliú Trasteorann Fadraoin, agus maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa seisiún seo |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 801 final.

Faoi iamh: COM(2020) 801 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2020
COM(2020) 801 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, togra le haghaidh cinneadh ó Chomhlacht Feidhmiúcháin maidir leis an modheolaíocht le haghaidh coigeartuithe chun athruithe ar an mballraíocht san Aontas Eorpach a léiriú, d'fhonn an 41ú seisiún de chuid an Chomhlachta Feidhmiúcháin faoin gCoinbhinsiún Aerthruailliú Trasteorann Fadraoin, agus maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa seisiún seo**

**Togra ón Aontas Eorpach le haghaidh cinneadh ón gComhlacht Feidhmiúcháin faoin gCoinbhinsiún maidir le hAerthruailliú Trasteorann Fadraoin: modheolaíocht le haghaidh coigeartuithe ar tháblaí 2-6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún, ('Prótacal Gothenburg ') arna leasú in 2012, chun athruithe ar bhallraíocht san Aontas Eorpach a thabhairt san áireamh.**

# Dréachtchinneadh maidir le coigeartuithe ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Gothenburg, arna leasú in 2012, chun athruithe ar bhallraíocht san Aontas Eorpach a thabhairt san áireamh

*An Comhlacht Feidhmiúcháin,*

*Ag meabhrú dó* cinntí 2013/14 agus 2016/4 uaidh a bhaineann le comhlíontacht an Aontais Eorpaigh leis an bPrótacal chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún ('Prótacal Gothenburg')

*Á thabhairt ar aird* go bhforáiltear maidir le nós imeachta le hAirteagal 13, mír 2, de Phrótacal Gothenburg arna leasú lena bhféadfaidh Páirtí a mholadh go ndéanfar coigeartú ar a ngealltanais laghdaithe astaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Gothenburg, ach nach mbeadh na modheolaíochtaí a leagtar amach i gCinntí Comhlachta Feidhmiúcháin 2012/3 agus 2012/12 infheidhme maidir leis na ceangaltais laghdaithe astaíochtaí a choigeartú chun athruithe ar bhallraíocht san Aontas Eorpach a léiriú,

*Ag meabhrú dó* cinneadh 2017/3 uaidh maidir le coigeartaithe faoin bPrótacal chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún chun athruithe ar bhallraíocht an Aontais Eorpaigh a thabhairt san áireamh, cinneadh a ghlacadh tar éis togra ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit mar fhreagra ar an iarraidh ó Pháirtithe an Choinbhinsiúin sa 36ú seisiún de chuid an Chomhlachta Feidhmiúcháin (ECE/EB.AIR/137),

*Ar díol sásaimh dó*teacht i bhfeidhm an Phrótacail chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún (Prótacal Gothenburg), arna leasú in 2012, an 7 Deireadh Fómhair 2019,

1. *Cinneann sé,* i gcomhréir le hAirteagal 13, mír 2, de Phrótacal Gothenburg arna leasú, modheolaíocht a bhunú chun coigeartú a dhéanamh ar bhunlínte astaíochtaí agus ar ghealltanais laghdaithe astaíochtaí a liostaítear le haghaidh an Aontais Eorpaigh i dtáblaí 2-6 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Gothenburg arna leasú, i gcás athruithe i mballraíocht an Aontais Eorpaigh, mar a leanas:
   - Is éard a bheidh i mbunlíne astaíochtaí an Aontais Eorpaigh in aghaidh an truailleáin, arna áireamh de réir leibhéil astaíochtaí 2005 ina gcileathonaí i dtáblaí 2-6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Gothenburg arna leasú, an líon iomlán bunlínte astaíochtaí in aghaidh an truailleáin le haghaidh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, aon aontachas leis an Aontas Eorpach nó aon tarraingt siar uaidh á thógáil san áireamh.
   - Is éard a bheidh i ngealltanais laghdaithe astaíochtaí an Aontais Eorpaigh in aghaidh an truailleáin i dtáblaí 2-6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Gothenburg arna leasú an líon iomlán gealltanas laghdaithe astaíochtaí, arna

ríomh trí (a) ghealltanais laghdaithe 2020 a leagtar amach le haghaidh gach Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh i dtáblaí 2-6 in Iarscríbhinn II i bPrótacal Gothenburg arna leasú a chur i bhfeidhm maidir le hastaíochtaí 2005 gach Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh a leagtar amach sna táblaí céanna; agus (b) an líon iomlán torthaí faoi (a) a áireamh mar chéatadán de líon iomlán leibhéil astaíochtaí 2005 Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

- Le haghaidh na modheolaíochta sin, is éard a bheidh i leibhéil astaíochtaí 2005 na hastaíochtaí a liostaítear i dtáblaí 2-6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Gothenburg arna leasú, seachas mura leagtar amach aon leibhéal astaíochtaí le haghaidh 2005 in Iarscríbhinn II i gcás sínitheoir nó Páirtí ar leith, agus sa chás sin bainfear leas as na hastaíochtaí 2005 is déanaí a tuairiscíodh. Is éard a bheidh sna gealltanais laghdaithe astaíochtaí le haghaidh na bliana 2020 agus ina dhiaidh na gealltanais a liostaítear i dtáblaí 2-6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Gothenburg arna leasú, seachas mura leagtar amach aon ghealltanas laghdaithe astaíochtaí le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh in Iarscríbhinn II i gcás sínitheoir nó Páirtí ar leith, agus sa chás sin, cuirfidh an tAontas Eorpach an fhaisnéis sin faoi bhráid Rúnaí Feidhmiúcháin Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip i scríbhinn.

2. *Cinneann sé* go bhféadfaidh an tAontas Eorpach leas a bhaint as an modheolaíocht thuas chun coigeartuithe a chur isteach i scríbhinn chuig Rúnaí Feidhmiúcháin Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip, a chuirfidh na coigeartuithe in iúl mar fhaisnéis do na Páirtithe uile.